

	Imithe (le Ruaidhrí Ó Báille)	
1.	Oíche Fhliuch	
2.	Stop an líne fhada carranna arís.	
3.	Stop Pól Ó Laoi a charr féin agus luigh sé siar sa suíochán.	
4.	Bhí sé ag tiomáint an lá ar fad agus bhí sé tuirseach.	
5.	Ní raibh uaidh anois ach titim isteach ina leaba.	
6.	Dhún sé a shúile agus d'éist sé leis an mbáisteach a bhí ag bualadh go rithimeach ar chorp agus ar fhuinneoga an chairr.	
7.	Go mall mall réidh thosaigh sé ag titim a chodladh; síos síos isteach sa chiúnas dorchá.	
8.	Chuala sé daoine ag caint áit éigin.	
9.	D'oscail sé a shúile agus d'fhéach sé timpeall le hiontas.	
10.	Bhí sé ina ghairdín cúil.	
11.	Bhí a bhean chéile agus a mhac ann.	
12.	Bhí an ghrian ag taitneamh agus bhí siad ag ithe dinnéir faoi pharasól mór dearg.	
13.	Gheal a chroí le háthas nuair a chonaic sé a mhac.	
14.	D'oscail sé a bhéal chun rud éigin a rá leis ach go tobann thosaigh an teileafón ag bualadh istigh sa teach.	
15.	“Sandra!” arsa an fear óg agus thosaigh sé ag rith i dtreo an tí.	
16.	D'fhéach Pól ina dhiaidh go brónach.	
17.	Ba mhaith leis cúpla focal a bheith aige leis.	
18.	Ba mhaith leis ...	

Ceacht a Trí Déag
Lesson Thirteen

Imithe
Gone

Leathanach 2
Page 2

Imithe (le Ruaidhrí Ó Báille)		Gone (by Ruaidhrí Ó Báille)	
a. Imigh leat!		Go away!	
b. D'imigh sé abhaile.		He went home.	
c. Imíonn sí ag a sé a chlog.		She leaves at six o'clock.	
d. Imeoidh mé ag a naoi a chlog.		I will leave at nine o'clock.	
e. An bhfuil tú ag imeacht ?		Are you leaving ?	
f. Ba mhaith liom imeacht anois.		I'd like to leave now.	
g. Tá sé imithe cheana féin.		He has already left .	
1. Oíche Fhliuch		A Wet Night	
a. lá fliuch	a wet day	oíche fhliuch	a wet night
b. lá tirim	a dry day	oíche thirim	a dry night
c. lá fuar	a cold day	oíche fhuar	a cold night
d. lá te	a warm day	oíche the	a warm night
e. lá dorchá	a dark day	oíche dhorchá	a dark night
f. lá geal	a bright day	oíche gheal	a bright night
2. Stop an líne fhada carranna arís.		The long line of cars stopped again.	
a. an carr / na carranna		the car / the cars	
b. an pháirc / na páirceanna		the park / the parks	
c. an rang / na ranganna		the class / the classes	
d. an fhuinneog / na fuinneoga		the window / the windows	
e. an cailín / na cailíní		the girl / the girls	
f. an buachaill / na buachaillí		the boy / the boys	
g. an briosca / na brioscaí		the cookie / the cookies	
h. an bord / na boird		the table / the tables	
i. an cupán / na cupáin		the cup / the cups	
j. an fear / na fir		the man / the men	
k. an teanga / na teangacha		the language / the languages	
l. an tÉireannach / na hÉireannaigh		the Irish person / the Irish people	
m. an bhean / na mná		the woman / the women	
3. Stop Pól Ó Laoi a charr féin agus luigh sé siar sa suíochán.		Pól Ó Laoi stopped his own car and lay back in the seat.	
	carr (car)	fáinne (ring)	oráiste (orange)
my	mo charr	m'fháinne	m'oráiste
your	do charr	d'fháinne	d'oráiste
his	a charr	a fháinne	a oráiste
her	a carr	a fáinne	a horáiste
our	ár gcarr	ár bhfáinne	ár n-oráiste
your (plural)	bhur gcarr	bhur bhfáinne	bhur n-oráiste
their	a gcarr	a bhfáinne	a n-oráiste

	Imithe (le Ruaidhrí Ó Báille)	Gone (by Ruaidhrí Ó Báille)
4.	Bhí sé ag tiomáint an lá ar fad agus bhí sé tuirseach.	He had been driving the whole day and he was tired.
5.	Ní raibh uaidh anois ach titim isteach ina leaba.	All he wanted now was to fall into his bed.
	a. Tá gloine uisce uaim .	I want a glass of water.
	b. Cad atá uait ?	What do you want?
	c. Níl uaidh ach cupán tae.	All he wants is a cup of tea.
	d. Níl uaithi ach dul abhaile.	All she wants is to go home.
	e. Bhí brioscaí seacláide uainn .	We wanted chocolate cookies.
	f. Cad a bhí uaibh ?	What did ye want?
	g. Ní raibh uathu ach fanacht sa bhaile.	All they wanted was to stay at home.
	h. Ní raibh ó Sheán ach dollar amháin.	All John wanted was one dollar.
	i. Ní raibh ón gcailín ach cupán tae.	All the girl wanted was a cup of tea.
6.	Dhún sé a shúile agus d'éist sé leis an mbáisteach a bhí ag bualadh go rithimeach ar chorp agus ar fhuinneoga an chairr.	He closed his eyes and listened to the rain that was rhythmically striking the body and windows of the car.
	a. Tá an carr sa charchlós.	The car is in the parking lot.
	b. Tá na carranna sa charchlós.	The cars are in the parking lot.
	c. Dhún sé fuinneog an chairr .	He closed the window of the car .
	d. Dhún sé fuinneoga na gcarranna .	He closed the windows of the cars .
7.	Go mall mall réidh thosaigh sé ag titim a chodladh; síos síos isteach sa chiúnas dorchá.	Very, very slowly he began to fall asleep; down, down into the dark silence.
8.	Chuala sé daoine ag caint áit éigin.	He heard people talking somewhere.
	a. Ar chuala tú an fhuaim sin?	Did you hear that sound?
	b. Níor chuala .	No .
	c. Cloisim gach lá é.	I hear it every day.
	d. Cloisfidh mé arís ar maidin é.	I will hear it again in the morning.
	e. Níor mhaith liom é a chloisteáil arís.	I wouldn't like to hear it again.
	f. Tá sé cloiste agam.	I have heard it.
9.	D'oscail sé a shúile agus d'fhéach sé timpeall le hiontas.	He opened his eyes and looked around with wonder.
10.	Bhí sé ina ghairdín cuil.	He was in his back garden.
11.	Bhí a bhean chéile agus a mhac ann.	His wife and his son were there.
12.	Bhí an ghrian ag taitneamh agus bhí siad ag ithe dinnéir faoi pharasól mór dearg.	The sun was shining and they were eating dinner under a large red parasol.

	Imithe (le Ruaidhrí Ó Báille)	Gone (by Ruaidhrí Ó Báille)
13.	Gheal a chroí le háthas nuair a chonaic sé a mhac.	His heart lit up with happiness when he saw his son.
	a. An bhfaca tú mé maidin inné?	Did you see me yesterday morning?
	b. Ní fhaca, ach chonaic mé aréir thú.	No, but I saw you last night.
	c. Feicfidh mé amárach é.	I will see him tomorrow.
	d. Níor mhaith liom é a fheiceáil arís.	I wouldn't like to see him again.
	e. Tá sé feicthe agam cheana féin.	I have already seen it.
14.	D'oscail sé a bhéal chun rud éigin a rá leis ach go tobann thosaigh an teileafón ag bualadh istigh sa teach.	He opened his mouth to say something to him, but suddenly the telephone began to ring in the house.
	a. Abair arís é, le do thoil.	Say it again, please.
	b. Ní dúirt mé faic.	I didn't say anything.
	c. Deir sé go bhfuil sé tinn.	He says he's sick.
	d. Déarfaidh sé bréag leat.	He will tell you a lie.
	e. Cad atá tú ag rá léi?	What are you telling her?
	f. Níor mhaith liom é a rá arís.	I wouldn't like to say it again.
	g. Tá sé ráite agat anois.	You have said it now.
15.	"Sandra!" arsa an fear óg agus thosaigh sé ag rith i dtreo an tí.	"Sandra!" said the young man and he began to run towards the house.
	a. an teach / i dtreo an tí	the house / towards the house
	b. an carr / i dtreo an chairr	the car / towards the car
	c. na carranna / i dtreo na gcarranna	the cars / towards the cars
	d. an fhuinneog / i dtreo na fuinneoige	the window / towards the window
	e. na fuinneoga / i dtreo na bhfuinneog	the windows / towards the windows
16.	D'fhéach Pól ina dhiaidh go brónach.	Pól looked after him sadly.
	a. D'fhéach sé i mo dhiaidh.	He looked after me.
	b. D'fhéach sé i do dhiaidh.	He looked after you.
	c. D'fhéach sé ina dhiaidh.	He looked after him.
	d. D'fhéach sé ina diaidh.	He looked after her.
	e. D'fhéach sé inár ndiaidh.	He looked after us.
	f. D'fhéach sé in bhur ndiaidh.	He looked after you (plural).
	g. D'fhéach sé ina ndiaidh.	He looked after them.
17.	Ba mhaith leis cúpla focal a bheith aige leis.	He would like to have a couple words with him.
18.	Ba mhaith leis ...	He would like ...